

Title Slide:

Le cúpla bliain anuas, tá mé ag scrúdú na féidearthachtaí a bhaineann leis na meáin shóisialta, mar shampla Facebook agus Twitter, ó thaobh athbheochan teangacha mionlaigh agus teangacha bundúchasacha.

Slide: Social Media: Advantages

Cad iad na buntáistí a bhaineann leis na meáin shóisialta sa gcomhthéacs seo?

I dtosach báire, inár gcomhthéacs mar fhoghlaimeoirí i Meiriceá Thuaidh, mura bhfuil tú i do chónaí i gcathair mhór, seans nach bhfuil rochtain agat ar líonra mór foghlaimeoirí ná cainteoirí dúchais i do cheantar. Trí na meáin shóisialta, is féidir leat ceangal le cainteoirí eile agus an teanga a úsáid chuile lá.

I gcás na Gaeilge, tá formhór phobal na Gaeilge ina gcónaí taobh amuigh den Ghaeltacht: go minic i mBaile Átha Cliath, i mBéal Feirste, nó in áiteanna éagsúla thar lear. Trí na meáin shóisialta, is féidir leis an bpobal scaipthe seo ceangal le cainteoirí ó fhoinse stairiúil na teanga, agus saibhreas Ghaeilge na Gaeltachta a chloisteáil go rialta, rud a bhí dodhéanta deich mbliana ó shin.

Tá na meáin shóisialta bunaithe ar chomhrá “nádúrtha” (mar dheia). Is é Aonghus Ó hAlmhain an duine is gníomhaí i measc phobal na Gaeilge ar Twitter. Cuireann Aonghus Twitter i gcomparáid le hoíche i dteach tábhairne; go leor comhrá ar siúl san am céanna; daoine éagsúla ag déanamh trácht ar an nuacht is déanaí, ar pholaitíocht, cúrsaí spóirt, mar sin de.

Creidimse go bhfuil Twitter an-oiriúnach d'fhoghlaimeoirí an dara teanga, mar nach gceadaítear níos mó ná céad is daichead carachtar i dtweet amháin. Den chuid is mó (agus b'fhéidir mar gheall ar an teorainn seo), tá an teanga níos simplí ar Twitter ná sna nuachtán nó in úrscéalta. Agus, le cúnaimh Dé, beidh foghlaimeoirí níos sásta an cúpla focal atá acu a úsáid.

Is páirt thábhachtach d'fhoghlaim teangacha an léitheoireacht agus an scríbhneoireacht. Tugann na meáin shóisialta deis do fhoghlaimeoirí an teanga a léamh agus a scríobh i gcomhrá nádúrtha le fíorchainteoirí; mar chomhlánú do cheachtanna sa seomra ranga nó féinstaidéar.

Slide: Social Media: Disadvantages

Anois, na míbhuntáistí. Bhuel, tá mé go díreach tar éis an fhadhb is mó a lua: ní féidir le héinne teanga a fhoghlaim go huile is go hiomlán trí na meáin shóisialta. Is comhlánú amháin é don obair chrua atá i gceist agus teanga a shealbhú agus líofacht a bhaint amach.

Is meáin scríofa iad na meáin shóisialta. Cé gur féidir le daoine fiseán a chur suas ar Facebook nó Twitter, is éard atá ann ná nasc le suíomh eile (mar shampla YouTube).

Dá bharr seo, seans go mbeidh inní ar fhoghlaimeoirí nuair is gá rud éigin a scríobh: tweet nó stádas ar Facebook sa teanga, agus caithfidh siad an chonstaic seo a sháru. I gcás na dteangacha Ceilteacha agus go leor teangacha eile a bhfuil traidisiún fada scríofa iontu, tá foclóirí iontacha, litriú caighdeánaithe, seiceálaithe litrithe, etc. ann. Ach i gcás teangacha atá tarchurtha ó bhéal go béal go traidisiúnta, is

constaic mhór é seo. Le haghaidh nócha faoin gcéad de na teangacha ar domhan, níl aon chóras scríofa in úsáid ag an bpobal fhéin.

Uaireanta, tá sé deacair an teanga a chlósscríobh (“ní dhéanann an ríomhaire seo síntí fada!”). Arís, tá an fhadhb seo réitithe den chuid is mó sna teangacha Ceilteacha, ach is constaic mhór é i gcás go leor teangacha eile.

Den chuid is mó, tá cainteoirí na dteangacha Ceilteacha sáite i gcomhthéacs sóisialta níos leithne déanta as cainteoirí Béarla (nó Fraincise). Mar sin, nuair a fheicimid ábhar ó chairde ar Facebook nó Twitter, is meascán de theangacha éagsúla é, agus tá sé deacair a bheith tumtha go hiomlán sa teanga mhionlaigh. Go pearsanta, tá dhá chuntas Twitter agamsa; ceann amháin do tweetanna as Gaeilge, agus ceann amháin do gach duine eile.

Slide: Celtic Languages on Twitter

Tá na teangacha Ceilteacha ag dul ó neart go neart ar Twitter. Seo iad na staitisticí is déanaí:

Slide: Visualization of Q-Celtic languages

Chruthaigh mé an íomhá seo i mí an Mhárta. Chuir mé suas ar Facebook agus Twitter é – seans go bhfaca roinnt agaibh é cheana, ach taitníonn sé go mór liom agus mar sin ba bhreá liom é a thaispeáint arís. Is éard atá ann ná amharcléiriú ar phobal na Gaeilge, Gáidhlig, agus Manainnis ar Twitter. Déantar nasc idir beirt úsáideoirí má luaigh duine acu an duine eile i dtweet (comhrá atá ann go hiondúil). Tá pobal na Gaeilge ar chlé, pobal na Gáidhlig ar dheis (oráiste); faraor tá pobal na Manainnise róbheag agus ní féidir é a fheiceáil go soiléir. Feicfidh tú cúpla duine dátheangach i lár an phictiúir, le nascanna sa dá treo. Agus an rud a chuir iontas ormsa – go leor leor nascanna idir an dá thaobh – díospóireacht dátheangach atá ann. Níl aon eolas agam ar chomhthéacs eile ina bhfuil an méid seo cumarsáid ar siúl idir an dá phobal.

Slide: Indigenous Tweets

Dhá bhliain ó shin, chruthaigh mé suíomh Idirlín darb ainm Indigenous Tweets a aimsíonn gach duine a úsáideann Twitter i dteanga mhionlaigh nó i dteanga bhundúchasach. Rinne mé cur-i-láthair faoi dhá bhliain ó shin ar Oileán Mhanainn – mar sin ní dhéanfaidh mé cur síos air arís, ach an sprioc atá ann ná pobal sa teangacha seo a thógáil ar líne. Tá céad, daichead is sé teanga ar an suíomh faoi láthair, agus níos mó ná dó dhéag milliún tweet taifeadta againn sna teangacha seo.

Slide: Language Plot

Taispeánann an graf seo na teangacha go léir ó Indigenous Tweets. Chruthaigh mé cúpla mí ó shin é, agus mar sin tá na sonraí giota beag as dáta, ach is féidir na conclúidí céanna a bhaint as. Is é daonra iomlán na teanga atá ar an ais-x, agus líon na ndaoine ar Twitter sa teanga ar an ais-y. Mar sin, is rud maith a bheith suite sa treo sin; thuas agus ar chlé – léiríonn sé sin pobal ar líne níos bríomhaire. Feicfidh sibh teangacha móra as an Afraic mar shampla ar dheis (oráiste): Yorubá, Hausa, Somáilis, ach tá na pobail ar Twitter níos lú fiú ná pobal na Gaeilge (níl an tIdirlíon ar fáil go forleathan san Afraic ar ndóigh, agus tá sé costasach go minic). San Eoraip, tá grúpa teangacha leagtha amach ar líne:

Aragóinis, Sámi Thuaidh, Gàidhlig, Astúiris, Freaslainnis. Tá cúpla teanga atá os cionn na líne seo: pobal níos bríomhaire atá i gceist: Gaeilge, Bascais, Breatnais, agus, go spéisiúil, Cornais agus Manainnis.

Slide: Idle No More?

Conas is féidir linn daoine sna pobail níos laige seo a spreagadh? Fiú i gcás na dteangacha láidre (Gaeilge, Breatnais...) tá go leor daoine ann a bhfuil suim acu sa teanga, agus cumas éigin, ach ní úsáideann siad ar líne í, ar fáth éigin. Bhailigh mé roinnt staitisticí ar an gceist seo i gcomhthéacs Twitter.

Chruthaigh mé liosta de na daoine a bhfuil caoga tweet i nGaeilge acu ar a laghad, agus formhór a gcuid tweetanna as Gaeilge freisin. Bhí timpeall agus céad is caoga duine ar an liosta seo; croí phobal na Gaeilge ar Twitter.

Ansin, scrúdaigh mé na daoine atá leanúint duine éigin ar an liosta seo; beagnach fiche míle duine. *Roghnaigh* na daoine seo cainteoirí Gaeilge a leanúint, agus mar sin glacaim leis go bhfuil suim acu sa teanga, agus cumas éigin sa teanga freisin, cumas léimh ar a laghad.

Seo é an drochscéal; níl ach dó faoin gcéad de na tweetanna ón dream seo as Gaeilge.

Agus níl tweet amháin as Gaeilge ó níos mó ná ochtó faoin gcéad de na daoine seo.

Feictear uimhreacha cosúil leis seo le haghaidh teangacha mionlaigh eile san Eoraip. Conas is féidir na daoine seo a spreagadh páirt a ghlacadh sa chomhrá domhanda ar líne?

Slide: Tweet2Learn

Seo é bealach beag amháin. Ba mhaith liom cabhrú le foghlaimoirí atá ag iarraidh an teanga a scríobh, ach ní chreideann siad go bhfuil an cumas sa teanga acu chun a gcuid smaointe féin a chur in iúl. fiú más féidir leo an teanga scríofa a thuiscint.

Chruthaigh mé suíomh nua agus “aip” darb ainm Tweet2Learn.

Tá sé dírithe ar fhoghlaimoirí, ag iarraidh iad a spreagadh chun an teanga a úsáid níos minice sna meáin shóisialta.

Is éard atá ann ná roghchlár le nathanna cainte, eagraithe de réir ábhair. Is féidir brabhsáil agus rud éigin a roghnú, agus osclaíonn fuinneog nua ar shuíomh Twitter. Is féidir an tweet a chur in eagar, ansin chur suas ar Twitter féin.

Tá trí theanga againn faoi láthair: Manainnis, Te Reo Maori, agus Lakota. Beidh Gaeilge, Gàidhlig, agus Ojibwe ar fáil go luath, agus le cúnamh Dé go leor eile amach anseo.

Demo

Slide: Buíochas

Ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil do na daoine seo a thug cúnamh dom agus na teangacha eile a leagan amach.